# Cúirt an Ṁeán Oíċe

Ba ġnáṫ mé ag siúl le ciumais na habann
ar ḃáinseaċ úr is an drúċt go trom,
in aice na gcoillte, i gcoim an tslé',
gan ṁairg, gan ṁoill, ar ḟoilse an lae.
Do ġealaḋ mo ċroí nuair ċínn Loċ Gréine,
an talaṁ, an tír, is íor na spéire;
taitneaṁaċ aoiḃinn suíoṁ na sléiḃte
ag bagairt a gcinn ṫar ḋroim a ċéile.
Do ġealfaḋ an croí ḃeaḋ críon le cianta,
caite gan ḃrí, nó líonta de ṗianta,
an séiṫleaċ searḃ gan sealḃ gan saiḃreas
d'ḟéaċfaḋ tamall ṫar barra na gcoillte
ar laċain 'na scuainte ar ċuan gan ċeo
's an eala ar a ḃfuaid 's í ag gluaiseaċt leo;
na héisc le meiḋir ag éirí in airde,
péirse im raḋarc go taiḃseaċ tarrḃreac,
daṫ an loċa agus gorm na dtonn
ag teaċt go tolgaċ torannaċ trom.
Ḃíoḋ éanlaiṫ i gcrainn go meiḋreaċ móṁar
is léimneaċ eilte i gcoillte im ċóngar,
géimreaċ aḋairce is raḋarc ar ṡlóite,
tréanriṫ gaḋar is Reynard rómpu.
tréanriṫ gaḋar is Reynard rómpu.